

COGG

Tuarascáil Bhliantúil

2015

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta





An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Tuairisc 2015

Réamhrá

Mar chathaoirleach nua-cheaptha ar COGG is mian liom i dtús báire mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do John Carr agus Breandán Mac Cormaic a bhí sa chathaoir seo romham as a gcuid oibre. Gabhaim buíochas freisin leis na baill go léir a bhí ar na boird sin ó bunaíodh COGG. Cé go bhfuil Bord laghdaithe anois againn agus dúshláin le sárú maidir le rannpháirtíocht ó gach earnáil a dheimhniú is mian liom a dhearbhuí go ndéanfadh an bord reatha gach iarracht na dúshláin sin a shárú.

Tá cur síos sa tuarascáil seo ar obair na bliana 2015. Léirítear an obair fíorleathan agus fóorthábhachtach atá ar siúl ag COGG. Tá obair ar leith déanta i mbliana maidir leis an dréachtpholasaí don Oideachas i limistéir Ghaeltachta. Tá moladh tuillte ag ardoifigigh na Roinne Oideachais atá tar éis tosaíocht a thabhairt don obair ríthábhachtach sin.

Tá ardmholadh ar leith tuillte ag an bpríomhfheidhmeannach, Muireann Ní Mhóráin agus ag a foireann, Pól Ó Cainín agus Cathy Ní Chianaigh as a ndíograis leanúnach. Tá beirt oifigigh eile le ceapadh go luath agus is cinnte go gcuirfidh siad go mór le hobair na heagraíochta ag an mbunleibhéal agus ag an dara leibhéal. Is gá sa chomhthéacs nua seo athmhachnamh a dhéanamh ar an athlonnú oifige a tharla roinnt blianta ó shin le deimhniú go mbeidh na hacmhainní cuí ar fáil dúinn chun ár bplean oibre a chur i gcrích.

Beidh clár oibre níos mó ná riamh le cur i gcrích ag COGG i gcomhar leis an Roinn féin maidir le gealltáir agus le rudaí sna blianta beaga atá romhainn agus ina measc tá m.sh.

- Tús a chur le feidhmiú an pholasaí nua don oideachas i limistéir Ghaeltachta
- Clár teagaisc iomlán don Ghaeilge do scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán a chur ar fáil
- Cur leis an gcomhpháirtíocht thuaidh-theas atá forbartha le cúpla bliain anuas

Mar chathaoirleach ar COGG, dearbhaím gur comhlíonadh na riachtanais rialacháin mar a bhaineann siad le hiniúchadh cuntas, le córais inmheánacha rialú caiteachais, le híocaíochtaí cánach, le treoirlínte na Roinne Airgeadais mar a bhaineann siad le híocaíochtaí costais taistil agus cothabhála, le heitic in oifig phoiblí, le soláthar seirbhísí agus earraí.

Dónal Ó hAiniféin
Cathaoirleach

Buíochas

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí bhord COGG 2010-2015 as an tréan obair a rinne siad go dtí go ndeachaigh an bord as feidhm i mí an Mhárta 2015 agus fáiltíim roimh na comhaltaí nua a ceapadh le linn na bliana.

Tá buíochas ar leith ag dul don iar-Chathaoirleach John Carr, don iar-Leaschathaoirleach, Anna Ní Chartúir agus don Choiste Iniúcháireachta, Kevin de Barra, Deirbhile Nic Craith agus Fíona Uí Uiginn, as dúthracht a gcuid oibre le linn tréimhse feidhme an bhoird.

Gabhaim buíochas leis an mbord nua atá ag obair ar mhaithe le COGG ó mhí Iúil seo caite, ach go háirithe an Cathaoirleach, Dónal Ó hAiniféin agus an leas-Chathaoirleach, Yvonne Ní Mhurchú. Tá tréimhse gnóthach oibre romhainn le feidhmiú pholasaí oideachas Gaeltachta na Roinne Oideachais agus Scileanna, tabhairt isteach an Churaclaim Comhtháite Teanga sna bunscoileanna agus na hathruithe atá beartaithe don tSraith Shóisearach. Tá súil ag COGG beirt Oifigí Oideachais a cheapadh go luath le dul i mbun na hoibre seo.

Ar ndóigh, mar a bhaineann le hobair COGG ó lá go lá, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann COGG, Pól Ó Cainín agus Cathy Ní Chianaigh, as a gcuid oibre agus leis na daoine ar fad eile a bhíonn ag obair do COGG ar bhealaí éagsúla san oifig agus ar fud na cruinne.

Nár lagáí Dia iad!



Muireann Ní Mhóráin

Príomhfheidhmeannach

Ár Misean

Cúraim na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na hearnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.

Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) in 2002 faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998) tar éis feachtais a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gaelscoileanna Teo, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar bun le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Feidhmeanna reachtúla:

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Chun comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta
- Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do na scoileanna sin trí mheán na Gaeilge
- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann leis na cúraim seo
- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú agus chun taighde a sheoladh, agus comhairle a thabhairt don Aire, maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais.
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann
 - le múineadh na Gaeilge,
 - le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an gcuraclam do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna a chuireann oideachas trí mheán na Gaeilge agus le nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear sna scoileanna sin,
 - le riachtanais oideachais daoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

Ionadaithe Bord 2010-2015

Anmniúchán an Aire Oideachais agus Scileanna	John Carr (Cathaoirleach)
Ionadaí an Aire Oideachais agus Scileanna	Mícheál Ó Dochartaigh
Ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna	Máire Uí Chonghaile
Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta	Anna Ní Chartúir (Leaschathaoirleach) Mairéad Ní Chualáin Bernadette Ní Dhuibhir
Gaelscoileanna Teoranta	Cathnia Ó Muircheartaigh Fiona Uí Uiginn Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Ionadaí tofa Oidí na Scoileanna Gaeltachta	Bríd Uí Lubhaing
Ionadaí tofa Oidí na Scoileanna lán-Ghaeilge	Yvonne Ní Mhurchú
Ionadaí tofa Thuismitheoirí na Scoileanna Gaeltachta	Máire Nic Niallais
Ionadaí tofa Thuismitheoirí na Scoileanna lán-Ghaeilge	Mícheál Ó Broin
Ionadaí tofa Phátrún na Scoileanna Gaeltachta	Séan Ó Tuairisg
Ionadaí tofa Phátrún na Scoileanna lán-Ghaeilge	Bláthnaid Ní Ghréacháin
ASTI	Robbie Cronin
INTO	Deirbhile Nic Craith Máire Ní Chuinneagáin
TUI	Dáithí Sims
Foras na Gaeilge	Seosamh Ó Coinne
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge	Kevin de Barra
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta	Reuben Ó Conluain (comhthofa)
Comhairle Curaclaim, Scrúduithe agus Mheasúnaithe Thuaisceart Éireann	Seán Mac Nía (comhthofa)

Bord 2015-2018

Donal Ó hAiniféin	Cathaoirleach ceaptha ag an Aire Oideachais agus Scileanna
Yvonne Ní Mhurchú	Leas-chathaoirleach. Ionadaí GAELSCOILEANNA teo.
Cathnía Ó Muircheartaigh	Ionadaí GAELSCOILEANNA teo.
Deirbhile Nic Craith	Ionadaí INTO
Robbie Cronin	Ionadaí ASTI
Séamus Ó Fearraigh	Ionadaí TUI
Dairíona Nic Con Iomaire	Ionadaí Údarás na Gaeltachta
Aindreas Ó Muimhneachán	Ionadaí Údarás na Gaeltachta
Siméad Ní Chill Chainnigh	Ionadaí Foras na Gaeilge
Elaine Ní Neachtain	Ionadaí CNCM
Marina Ní Threasaigh	Ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna
Seán Mac Nía	Ionadaí CCEA

Foireann

Muireann Ní Mhóráin	Príomhfheidhmeannach
Pól Ó Cainín	Eagarthóir/ Cúntóir Taighde
Cathy Ní Chianaigh	Feidhmeannach Riaracháin

Buiséad ón Roinn Oideachais agus Scileanna

2002	€253,396
2003	€291,501
2004	€417,463
2005	€721,704
2006	€983,560
2007	€1.245m
2008	€1.245m
2009	€1.238m
2010	€1.234m
2011	€1.386m
2012	€1.3m
2013	€1.3m
2014	€1.35m
2015	€1.35m

Ba é €1.35m ioncam iomlán COGG sa bhliain 2015 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus €47,644 ó dhíolachán foilseachán.

Is as an mbuiséad seo a íoctar: tuarastail foirne agus táillí conraitheoirí agus comhairleoirí; gach costas a bhaineann le riarachán, foilseacháin, forbairt ghairmiúil, teicneolaíocht fhaisnéise, forbairt áiseanna, taighde; costais a bhaineann le cruinnithe COGG agus a fochoistí, lena n-áirítear costais taistil agus cothabhála; eagrú cúrsaí; an taispeántas taistil agus eile.

Cur chuige

Ar mhaithe le hearnáil na Gaeltachta agus na Gaelscolaíochta agus ar mhaithe le luach ar am agus ar airgead, déantar gach iarracht obair i bpáirt le soláthróirí áiseanna teagaisc eile. Chuige sin, bíonn comhthionscadail idir lámha go leanúnach le CCEA agus An tÁisaonad i dTuaisceart Éireann, chomh maith leis An Gúm. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht seo, tá curtha go mór le réimse na n-áiseanna teagaisc atá ar fáil.

De bharr líon beag na foirne, is ar bhonn conartha a chomhlíonann COGG mórchuid dá feidhmeanna reachtúla, ar a n-áirítear;

- Bainistiú ar shuíomh gréasáin COGG, ar an mbunachar áiseanna, ar an ionad áiseanna, ar an taispeántas taistil, ar na foilseacháin eolais, ar an suíomh www.ceacht.ie, ar na páipéir triailscrúduithe, ar an leagan Gaeilge de *Eureka*, ar eagarthóireacht *Ar Fheabhas*, ar dháileadh *Breacadh*, i measc a lán tionscadal eile.
- Fógraítear cuirí chun tairisceana d'fhoilsitheoirí oideachasúla le leaganacha Gaeilge de théacsleabhair agus áiseanna teagaisc eile a chur ar fáil.
- Fógraítear scéim mhaoinithe do chomhlachtaí, d'institiúidí agus do dhaoine aonair le háiseanna foghlama a chur ar fáil.
- Fáiltítear roimh bhunábhar ó mhúinteoirí don suíomh www.cogg.ie agus foilsítear cuid den ábhar seo freisin i bhfoirm leabhar.
- Tá painéal aistritheoirí le hardscileanna in aistriúchán ábhair do pháistí agus do dhaltaí iar-bhunscoile forbartha ag COGG agus leagtar an-bhéim ar oiriúnacht na teanga don léitheoir.
- Fógraítear scéim sparánachtaí taighde agus foilsítear tuarascálacha an taighde sin.
- Déantar plé le múinteoirí sna scoileanna lena riachtanais ó thaobh áiseanna foghlama agus teagaisc a mheas.
- Téitear i gcomhairle le príomhoidí, múinteoirí, an chigireacht, stiúrthóirí na nIonad Oideachais, coláistí 3u leibhéal agus le daoine eile maidir lena riachtanais tacaíochta agus cuirtear réimse leathan seirbhísí ar fáil.

Déanann an Príomhfheidhmeannach bainistíocht ar obair na dtionscadal uile seo thuas luaite, idir riachtanais a aithint, obair a choimisiúnú, monatóireacht ar an gcur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar a n-éifeacht.

Dátaí cruinnithe 2015:

- 20 Eanáir 2015
- 24 Márta 2015
- 16 Iúil 2015 (Bord nua COGG)
- 6 Deireadh Fómhair 2015
- 10 Samhain 2015

Freastal ar chruinnithe

Cruinnithe 2015: Eanáir – Márta 2015

Ainm	Líon cruinnithe
John Carr	2/2
Anna Ní Chartúir	2 /2
Bernadette Ní Dhuibhir	2/2
Cathnia Ó Muircheartaigh	2/2
Máire Nic Niallais	1/2
Mairéad Ní Chualáin	2/2
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	2/2
Fíona Uí Uiginn	2/2
Máire Ní Chuinneagáin	0/2
Máire Uí Chonghaile	2/2
Mícheál Ó Dochartaigh	0/2
Mícheál Ó Broin	0/2
Robbie Cronin	2/2
Seán Ó Tuairisg	2/2
Seosamh Ó Coinne	2/2
Yvonne Ní Mhurchú	2/2
Deirbhile Nic Craith	1/2
Bríd Uí Lubhaing	0/2
Bláthnaid Ní Ghréacháin	2/2
Seán Mac Nía	2/2
Elaine Ní Neachtain	1/2
Daithí Sims	0/2
Kevin De Barra	1/2

An Bord nua

Freastal ar chruinnithe lúil - Samhain 2015

Ainm	Líon cruinnithe
Dónal Ó hAiniféin	3/3
Cathnia Ó Muircheartaigh	3/3
Robbie Cronin	2/3
Yvonne Ní Mhurchú	3/3
Deirbhile Nic Craith	3/3
Seán Mac Nic	3/3
Aindrias Ó Muimhneacháin	2/3
Elaine Ní Neachtain	3/3
Sinéad Nic Giolla Cionnaigh	2/3
Séamus Ó Fearraigh	3/3
Marina Ní Threasaigh	2/3
Dairfona Nic Con Iomaire	1/3

Bord COGG 2010-1015

Costais a íocadh 2015 Eanáir – Márta 2015

Ainm	Costais Taistil & Cothabhála a cúitíodh le comhaltaí i 2015 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle
John Carr	€ 0
Anna Ní Chartúir	€ 499.68
Bernadette Ní Dhuibhir	€ 1,920.91
Cathnia Ó Muircheartaigh	€ 327.90
Máire Nic Niallais	€ 75.60
Mairéad Ní Chualáin	€ 721.47
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	€ 0
Fíona Uí Uiginn	€ 24.50
Máire Ní Chuinneagáin	€ 0
Máire Uí Chonghaile	€ 0
Mícheál Ó Dochartaigh	€ 0
Mícheál Ó Broin	€ 0
Robbie Cronin	€ 0
Seán Ó Tuairisg	€ 354.53
Seosamh Ó Coinne	€ 0
Yvonne Ní Mhurchú	€ 604.39
Deirbhile Nic Craith	€ 0
Bríd Uí Lubhaing	€ 382.72
Bláthnaid Ní Ghréacháin	€ 0
Seán Mac Nía	€ 336.82
Reuben Ó Conluain	€ 0
Dáithí Sims	€ 0
Kevin De Barra	€ 0

Bord COGG a ceapadh i mí an Mheithimh 2015 Costais a íocadh Meitheamh - Nollaig 2015

Ainm	Costais Taistil & Cothabhála a cúitíodh le comhaltaí i 2015 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle
Dónal Ó hAiniféin	€ 2086.16 (cruinnithe seachtracha, agallaimh agus eile)
Cathnia Ó Muircheartaigh	€ 851.03
Robbie Cronin	€ 0
Yvonne Ní Mhurchú	€1,335.96
Deirbhile Nic Craith	€ 0
Seán Mac Nía	€502.10
Aindrias Ó Muimhneacháin	€ 494.95
Elaine Ní Neachtain	€ 0
Sinéad Nic Giolla Cionnaigh	€ 0
Séamus Ó Fearraigh	€ 2,115.00
Marina Ní Threasaigh	€ 0
Dairíona Nic Con Iomaire	€ 120.30

Luach saothair

Ní íoctar agus níor íocadh riamh, táille ar bith le Cathaoirleach, le leas-Chathaoirleach ná le haon chomhalta de bhord COGG.

Íoctar an Príomhfheidhmeannach de réir scála tuarastail Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (Cigire Sinsearach)
Pointe Breisiú Fadseirbhíse 1: € 90,318

Níl aon scéim íocaíochtaí bhónais i bhfeidhm d'aon bhall foirne.

Coistí COGG

An Fochoiste Polasaí agus Pleanála

Aidhmeanna:

1. Polasaithe na Comhairle a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Comhairle
2. Scrúdú a dhéanamh ar pholasaithe, ar cháipéisí agus ar dhoiciméid ó eagrais eile a bhaineann le cúraim na Comhairle agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle
3. Plean Straitéise, plean bliana agus tuairisc bhliantúil a ullmhú le hionchur ón gComhairle, i gcomhpháirt leis an bhfeidhmeannas.
4. Anailís a dhéanamh, ar iarratas ón gComhairle, ar aon ní eile a bhaineann le hobair na Comhairle ó thaobh polasaithe nó pleanála de, agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle.

Coiste Theagasc na Gaeilge

De réir fhorálacha an Achta Oideachais, tá feidhm reachtúil ag COGG maidir le comhordú agus pleanáil áiseanna teagaisc, le seoladh taighde agus le soláthar seirbhísí taca mar a bhaineann siad le teagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán. Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle freisin comhairle a chur ar fáil don Aire Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna sin. De réir an Achta Oideachais, is féidir na feidhmeanna sin a tharmligean chuig comhlacht daoine eile agus is chuige sin Coiste Theagasc na Gaeilge.

Coiste Iniúchta agus Bainistíocht Riosca

Faoi théarmaí an Chóid Chleachtais do chomhlachtaí stáit, bunaíodh Coiste Iniúchta le maoirsiú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach COGG. Tá Téarmaí tagartha an Choiste aontaithe agus is gá 4 chruinniú ar a laghad den choiste a ghairm in aghaidh na bliana. Bíonn tuairisc ón gCoiste Iniúchoireachta ar chlár chruinnithe bhord COGG.

Feidhm reachtúil 1

- Chun soláthar téacsleabhar agus áiseanna d'fhoghlaim agus do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú

TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA EILE A D'FHOILSIGH COGG i 2015 NÓ A FOILSÍODH I gCOMHPHÁIRT

- An Leabhrán Áiseanna 11
Eolas cruinn do bhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge.
- **An Leabhrán Áiseanna 11**
Eolas cruinn d'iar-bhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge.
- **Oscail & Léigh, Eagrán 5**
Eolas cruinn faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna do theagasc na Gaeilge.
- **Liostaí Leabhar 2015**
Bróisiúr seolta chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ag léiriú na dtéacsleabhar atá ar fáil le cur ar liosta leabhar na ndaltaí
- **Liosta Leabhar Léitheoireachta do dhaltaí bunscoile**
Gach leabhar bunscoile rangaithe de réir aois léitheoireachta agus nasc leis an gcuraclam.
- **Ceacht.ie**
Forbairt leanúnach ar shuíomh gréasáin do theagasc na Gaeilge in iar-bhunscoileanna.
Treoirleabhar do mhúinteoirí an Teastais Sóisearaí forbartha
- **www.tuairisc.ie**
Ábhar tacaíochta do Ghaeilge na hArdteiste
- **Triailscrúduithe**
Páipéir do thriailscrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta i réimse leathan ábhar
- **Iarpháipéir scrúdaithe**
Leabhair d'iarpháipéir scrúdaithe stáit i réimse leathan ábhar an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta

- **À toi!**

Áis don mhúinteoir chun barr feabhais a bhaint amach in oiliúint agus i measúnú daltaí an Teastais Shóisearaigh sa chluastuiscint. CD agus lámhleabhar curtha ar fáil do scoileanna.

- **COMHARóg**

Leagan iar-bhunscoile den iris liteartha COMHAR: 3 eagrán in aghaidh na bliana

- **Póstaer Séamus Heaney** - seolta chuig gach iar-bhunscoil sa tír

- **An Domhain Inniu**

Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta

Toghaonaid 5 agus Roghaonad 7 curtha i gcló

- **Ar Fheabhas**- forlónadh do Ghaeilge na hArdteiste san Irish Independent

- **Tobar na Gaoise** le Brendan Ó Dufaigh - OSPS

- **Sláinte agus Folláine, Aclaíocht agus Corpacmhainn**

- **Blúiríní** – sraith drámaí don idirbhliain

- **À Toi!** Ábhar léamhthuisceana i bhFraincis

- **iTunesU** – áiseanna teagaisc don ealaín

- **iTunesU** – ‘Filíocht Bheo’

- **EU4Schools** - Leagan Gaeilge de shuíomh faoin Aontas Eorpach

- Sraitheanna póstaer i nGaeilge don eacnamaíocht bhaile, reiligiún, OSSP agus araile

- **Spríoclá, Galánta,** agus **An Pictiúr Mór** – trí úrscéal do dhéagóirí

- **Nótaí Tacaíochta d’úrscéalta Gaeilge:** Éalú; Pincí sa Ghaeltacht; Crúba na Cinniúna; Uisce Faoi Thalamh

- **Splanc!** Foilseachán don idirbhliain – 3 chaibidil in aghaidh na scoilbhliana)

- **Breacadh** - Dáileadh na nuachtirise ar scoileanna

- **Éire 1916** - 2 leabhar agus CD

- **Cleite - an Clár Luathléitheoireachta**
Obair ar Banda 3 de chlár léitheoireachta an Áisaonaid do bhunscoileanna an Deiscirt
- **Eureka** – 28 eagrán den leagan Gaeilge d’fhorlónadh eolaíochta bunscoile an *Irish Independent*
- **eLeathanach** – eLeathanach: nuachtan seachtainiúil
- **Aoibhneas** – iris mhíosúil ar fáil go dtí mí Meithimh 2015
- **Mar a déarfá** – an focal scríofa don chainteoir dúchais Gaeilge
- **www.léighleat.com** – ábhar ar líne le haghaidh na mbunscoileanna
- **www.anmuinteoir.ie** – ábhar ar líne le haghaidh na mbunscoileanna
- **Seirbhís idirlín** raidió do scoileanna
- **Teanga!** Ardán teanga ar an idirlíon.
- **Fit4Skool** – Leagan Gaeilge d’áis fhoghlama dhigiteach ar-líne
- Sraith 50 póstaer **Foinse Óg**
- Leagan Gaeilge de 4 leabhar sa tsraith **An Cúigear Cróga** agus **Scéalta Scéine**
- **An Prionsa Beag** – Aistriúchán ar an leabhar *Le Petit Prince*
- **Corto Maltese san Afraic**
- **Méabh Banríon na Troda**
- **Ábhar tacaíochta** ar líne d’úrscéalta a d’fhoilsigh Futa Fata
- **Seachtain na Gaeilge** – Lámhleabhar tacaíochta do mhúinteoirí, póstaer agus ábhair tacaíochta eile
- **Spraoi le Brí** – Cluiche foclaíochta
- **Liathróid gníomhaíochtaí** i nGaeilge
- **KUBD** – cluiche le haghaidh na n-ardranganna bunscoile

Feidhm reachtúil 2

Comhairle a thabhairt don Aire maidir le beartais a bhaineann le hoideachas trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil agus a chur chun cinn i scoileanna aitheanta i gcoitinne agus i scoileanna atá suite i limistéar Gaeltachta

Cuireann COGG comhairle ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar chuid dá feidhmeanna reachtúla.

In 2015 cuireadh comhairle ar fáil nó aighneachtaí faoi bhráid:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
Bhí ról lárnach ag COGG i bhforbairt na moltaí don Oideachas Gaeltachta a foilsíodh i mí Bealtaine 2015 agus leis an seisiún comhairliúcháin i mí na Nollag 2015.
- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
- Foras na Gaeilge
- Oifig an Choimisinéara Teanga
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
- An Foras Taighde ar Oideachas
- An Comhchoiste um Oideachas agus Coimirce Sóisialach
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte

D'fhreastail ionadaí ó COGG ar na coistí/grúpaí seo a leanas:

- Grúpa Ardleibhéal na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge
- An Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas
- An Coiste Áiseanna, Tacaíochta, Oiliúna agus Curaclaim (Tuaisceart Éireann)
- Bord Staidéir na Sraithe Shóisearaí (CNCM)
- Meitheal Forbartha na Gaeilge don Teastas Sóisearach CNCM
- Meitheal Litríochta na hArdteistiméireachta CNCM
- Meitheal Forbartha an Churaclaim Bunscoile

Tá príomhfeidhmeannach COGG ina ball de Bhord Ghobharnóirí Institiúid Oideachais Marino agus ina comhalta boird de Chomhairle na Gaelscolaíochta i dTuaisceart Éireann.

Feidhm reachtúil 3

- Chun seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna trí mheán na Gaeilge

SEIRBHÍSÍ TACA:

- **www.cogg.ie**

Tá bunachar sonraí de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ar fáil ar an suíomh seo, chomh maith le tuarascálacha taighde, nuacht agus ábhar eile. Bíonn teacht ar thrialpháipéir do na scrúduithe stáit ar eislión ar an suíomh.

- **Ionad Áiseanna**

Bogadh Ionad Áiseanna COGG go hInstitiúid Oideachais Marino agus coimeádadh suas chun dáta é le gach áis theagaisc Ghaeilge nua a tháinig ar an bhfód i rith na bliana.

- **Taispeántas Taistil**

Ionad taispeántais a thugann cuairt ar scoileanna i veain ina bhfuil sampla de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tugadh cuairt ar 116 bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge, 16 bhunscoil Bhéarla, 30 iarbunscoil, 2 Choláiste Oideachais agus 9 gcúrsa d'ábhar oidí i rith 2015.

- **Tumoideachas 2015**

Eagraíodh comhdháil idirnáisúnta i mí Bealtaine 2015 i bpáirt le Coláiste Mhuire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Gaelscoileanna Teoranta, Comhairle na Gaelscolaíochta agus Foras na Gaeilge.

- **Cúrsaí Gaeilge**

D'fhreastail 50 múinteoir ó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 20 síceolaí ar chúrsa Gaeilge a chuir COGG, i gcomhpháirt Gaelchultúr Teoranta, ar fáil i Lúnasa 2015.

- **An M. Oid. san Oideachas Lán-Ghaeilge**

Cuireadh sparánachtaí ar fáil d'iarchéimithe a thug faoin gcúrsa seo i gColáiste Mhuire gan Smál.

- **Laethanta Oiliúna**

Cuireadh ceardlanna múinteoirí ar siúl maidir leis na háiseanna *Blas* agus *Bain Súp As!*

- **Liostaí leabhar**

Seoladh bróisiúr chuig gach bunscoil agus gach iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge le heolas faoi na téacsleabhair do liostaí leabhar na scoileanna.

- **Intouch**

Cuireadh alt ar fáil do gach eagrán den iris ag cur síos ar úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge.

- **Oscail&Léigh**

Seoladh cóipeanna den leabhrán ‘Oscail&Léigh’ (liosta de gach áis teagaisc i nGaeilge) chuig gach bunscoil sa tír.

- **Triailpháipéir na scrúduithe stáit**

Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil de 39 páipéar triailscrúduithe éagsúla don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht.

- **Sintéis na Gaeilge**

Leanadh leis an bhforbairt seo le linn 2016. Is áis é CABAIRE a chuirfidh le forbairt na litearthachta i measc phobal na Gaeilge. Cuirfidh sé ar chumas an fhoghlaimeora éisteacht le haon téacs digiteach.

- **Aistriúchán agus eagarthóireacht**

Cuirtear seirbhís aistriúcháin agus eagarthóireachta ar fáil do dhaoine aonair, do ranna stáit agus comhlachtaí príobháideacha d’ábhar oideachasúil i nGaeilge.

- **Breacadh**

Díoladh agus dáileadh trí eagrán den nuachtiris ar scoileanna

- **Glór na nGael**

Cuireadh duais ar fáil don iarbhunscoil Bhéarla is fearr ó thaobh cur chun cinn na Gaeilge .

- **Fuaimeanna na Gaeilge v. Fuaimeanna an Bhéarla** - Seimineár, grúptheagasc, ábhar teagaisc & CD ar fhuaimeanna na Gaeilge

- **Tionscadal an Phiarsaigh agus an athbheochan** – léacht a tugadh i roinnt scoileanna i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste

- **Aistriúchán**

Our World Irish Aid

Leictreachas do BSL

Áiseanna ranga don MooCrew

Áiseanna do Reilig Ghlas Naíon

Feidhm reachtúil 4

- Chun taighde a sheoladh ar aon ní nó ar gach ní lena mbaineann lena cúraim

Taighde a foilsíodh i 2015

Tionchar na gcoláistí Gaeilge (samhraidh) ar dhearcadh agus ar chumas na scoláirí lonad na dTeangacha, Coláiste na hOllscoile, Má Nuad.

Taighde a críochnaíodh i 2015:

Forbairt na Gaeilge: Na meánchéimeanna i measc páistí líofa sa Ghaeltacht agus sna Gaelscoileanna - Siobhán Nic Fhlannchadha

Alt a foilsíodh:

Minority language ownership and authority: perspectives of native speakers and new speakers ag <http://www.tandfonline.com/eprint/E3P89cW7YxgdcifNMCfT/full>

Taighde a mhaoinigh COGG ach nár foilsíodh go fóill:

Ag Aistriú Téacsleabhar Scoile
Séamus Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.

Taighde atá ar siúl 2015:

An Luath-Oideachas Dátheangach i gCeantair Dhátheangacha - Iniúchadh ar an Tumoideachas agus an tOideachas tríd an Teanga Dhúchais sa Ghaeltacht - Conchúr Ó Brolcháin

An Éifeacht atá ag CLIL ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge i mBunscoileanna T2 in Éirinn - Fergus Seoighe

Teicneolaíocht Gréasáin 2.0 a úsáid le háiseanna a fhorbairt - Niall Mac Uidhílin

Dianstaidéar ar cháilíochtaí mhúinteoirí sna Gaelcholáistí agus sna hIarbhunscoileanna Gaeltachta - Seán Ó Grádaigh

Foilsíodh alt in 2015 faoi Who are qualified to teach in second-level Irish-Medium Schools? Ag <http://www.tandfonline.com/eprint/9CxJnxJJuNzEQgFbZkrf/full>

An Litearthacht Ghaeilge i gCóras Bunscolaíochta na Gaeltachta - Neasa Ní Chuaig

Ortagrafaíocht na Gaeilge - Tina Hickey agus Nancy Stenson

Iniúchadh ar an gcur chuige CLIL sa Ghaeloideachas - Sinéad Ní Ghuidhir

Anailís Chorpasteangeolaíoch ar Acmhainní Oideachais Gaeilge - Mícheál John Ó Meachair

Webinar-enabled Irish Language continuing professional development promoting inquiry-based learning for Science teachers who teach through Irish - Colm Ó Coileáin

Modhanna agus tascanna sa seomra ranga - Cóilín Ó Floinn

Spórt mar mheafar don saol: An imscrúdú d'éifeachtaí comhoiriúnacht-gníomhaíocht ar chur chun cinn i sealbhú agus úsáid teanga - Clare Ní Mhurchú

Mianta an léitheora Ghaeilge: Iniúchadh ar Thaithí agus ar Chleachtas Léitheoireachta an Aosa Óig - Claire Marie Dunne

Cur chuige Ionduchtach Foirm-dhírthe agus Léireolas múinteoirí faoi Oiliúint ar struchtúir na Gaeilge - Aisling Ní Dhiorbháin

CabairE i sealbhú fuaimeanna & an nasc fuaimniú-go-litriú i léitheoireacht na Gaeilge - Faoi stiúir an Ollaimh Ailbhe Ní Chasaide

Disléicse agus an Ghaeilge - Faoi stiúir an Ollaimh Ailbhe Ní Chasaide

COGG

Tuarascáil Bhliantúil

2015

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta

